

# DUAISEANNA EORPACHA DON NUÁLAÍOCHT SA RIARACHÁN POIBLÍ




**Faigh duais €100 000 as  
nuáil a dhéanamh sa  
riarachán poiblí!**

Sheol an Coimisiún Eorpach comórtas uile-AE le go spreagfar údaráis phoiblí nuálacha ar fud na hEorpa na tionscnaimh is dinimiciúla agus is nuálaí atá acu a chur ar taispeánt. Is é is cuspóir do na duaiseanna tuilleadh nuála agus nuachóirithe a spreagadh trí aitheantas a thabhairt do dhul chun cinn atá déanta agus eiseamláirí a chur ar fáil.

Bronnfar suas le naoi nduais €100 000 ar an iomlán ar thionscnaimh phoiblí rathúla nuálacha atá faoi lán seoil cheana agus a bhfuil feabhas mór curtha acu ar shaol na saoránach. Tig le húdaráis phoiblí sna Ballstáit nó i dtíortha a bhfuil baint acu le creatchlár taighde an AE cur isteach ar an gcomórtas. Is é sin le rá údaráis stáit, údaráis réigiúnacha nó údaráis áitiúla atá saincheaptha faoin dlí náisiúnta mar chomhlacht poiblí a chuireann beartas an rialtais i bhfeidhm, mar shampla: aireachtaí, rialtais réigiúnacha, bardais, comhairlí cathrach. Ní mór do na tionscnaimh bheith ar siúl le 1-4 bliana anuas, agus ní mór don tionscnamh nó don chlár bheith faoi úinéireacht an iarrthóra. Tá cosc ar iarratais ó údaráis phoiblí a fuair duais airgid cheana féin ó institiúid de chuid an AE i dtaobh an tionscnaimh chéanna.

### Is é an 15 Feabhra 2013 an sprioc le haghaidh iarratas.


An gceapann tú go bhfuil an tionscnamh foirfe agat? Má cheapann, déan iarratas ar cheann de na catagóirí seo a leanas (níor cheart a mheas go bhfuil an liosta seo iomlán ná cuimsitheach. Níl aon liosta réamhshocraithe ann de na cineálacha tionscadal atá inghlactha):



Tionscnaimh do na saoránaigh (m.sh. cúnamh speisialta do sheandaoine; iompar poiblí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol; buiséadú rannpháirtíochta)



Tionscnaimh do ghnólachtaí (m.sh. cláir líonraithe do ghnólachtaí nuathionscanta; tacaíocht uirlisí r-thráchtála do ghnó-eagraithe tuaithe)



Tionscnaimh oideachais agus taighde (m.sh. cur chuige nua i leith gairmoiliúna; timpeallacht foghlama níos fearr a chothú i mbunscoileanna; fiontraíocht a éascú i measc taighdeoirí)

Gheobhaidh suas le trí bhuaiteoir i ngach catagóir tacaíocht €100 000 chun na smaointe is fearr a d'oirfeadh don todhchaí a fhorbairt.

Déanfaidh painéal saineolaithe neamhspleácha ón riarachán poiblí, ó shaol an ghnó agus ón saol acadúil na hiarratais a mheas. Déanfar buaiteoirí na “Duaise Eorpaí don Nuálaíocht sa Riarachán Poiblí” a roghnú de réir na gcritéar seo a leanas:

- úrnuacht agus inmhacashamhlaíocht an tionscnaimh;
- an ábharthacht eacnamaíoch don phobal lena mbaineann;
- an ábharthacht shóisialta don phobal lena mbaineann;
- an úsáid a bhainfear as an duais airgid.

Beidh ar na húdaráis leas a bhaint as na duaiseanna lena dtionscnaimh a fhorbairt agus a mhéadú, rud a spreagfaidh tuilleadh barr feabhais agus nuála san earnáil poiblí. Fanfaidh an Coimisiún i dteagmháil leis na buaiteoirí agus cinnteoidh sé go ndéanfar na bearta leantacha le go gcuirfear céadchéimeanna eile na dtionscnamh chun feidhme.

Thairis sin, is mian linn go gcuideodh na duaiseanna seo leis an dearcadh diúltach i measc an phobail i leith caiteachas poiblí a athrú agus muinín a chur ar ais sna saoránaigh as an méid is féidir linn a dhéanamh.

Táimid ag lorg eiseamláirí indéanta, éifeachtacha agus nuálacha i dtaobh an chaiteachais poiblí agus iarraidimid ort an spiorad sin a léiriú san iarratas freisin, m.sh. déan físeán ar do ghuthán póca le go dtaispeánfar an ghné bheo den iarratas!

### **Tá súil go bhfógrófar na buaiteoirí le linn 2013.**

Caith súil ar shuíomh gréasáin an chomórtais le tuilleadh eolais a fháil: [www.ec.europa.eu/admin-innovators](http://www.ec.europa.eu/admin-innovators)

Léigh rialacha an chomórtais lena chinntiú go sásaíonn tú na critéir incháilitheachta sula ndéanfaidh tú iarratas.

Tá an próiseas iarratais chomh simplí agus is féidir a dhéanamh. Má tá tuilleadh eolais uait, déan teagmháil linn: [rtd-admin-innovators@ec.europa.eu](mailto:rtd-admin-innovators@ec.europa.eu)

### **Íoslódáil rialacha an chomórtais** (i mBéarla amháin)

[http://ec.europa.eu/research/innovation-union/pdf/admin-innovators/contest\\_rules.pdf](http://ec.europa.eu/research/innovation-union/pdf/admin-innovators/contest_rules.pdf)

### **Íoslódáil na treoracha iarratais** (i mBéarla amháin)

[http://ec.europa.eu/research/innovation-union/pdf/admin-innovators/application\\_guide.pdf](http://ec.europa.eu/research/innovation-union/pdf/admin-innovators/application_guide.pdf)

### **Íoslódáil an clár oibre** (i mBéarla amháin)

[http://ec.europa.eu/research/innovation-union/pdf/admin-innovators/work\\_program\\_text.pdf](http://ec.europa.eu/research/innovation-union/pdf/admin-innovators/work_program_text.pdf)

### **Déan iarratas** (i mBéarla amháin)

<https://ec.europa.eu/research/participants/submission/management/login?callId=FP7-CDRP-2013-Admin-Innovators>